

Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann

SMAOINIGH

sula mbuaileann tú le daoine.
Baol, Comharthaí, Ionad, Daoine.

Cuir na ceisteanna ar chúl an leathanaigh ort féin agus déan an méid baoil a bheadh i gceist duit a mheas, nó téigh chuig [gov.ie/riskaware](https://www.gov.ie/riskaware)

#BeRiskAware



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

BAOL

An bhfuil cosaint iomlán na vacsaíne / teanndáileog faighte agam?

Tugann an vacsaín cosaint mhaith i gcoinne tinneas trom agus seal san ospidéal agus laghdaíonn an baol duitse agus do dhaoine eile.

An bhfuil mé níos leochaílí ná daoine eile?

Tá baol níos airde ag baint le gníomhaíochtaí ina mbeidh tú ag bualadh le daoine eile agus mar sin, ní mór duit céimeanna a ghlacadh chun tú féin a chosaint.

An mbeidh mé ann níos faide ná 2 uair an chloig?

Dá ghiorra fad na gníomhaíochta, is ea is lú an baol.

An mbeidh an t-imeacht ar siúl taobh istigh?

Tá níos mó baoil ag baint le gníomhaíochtaí taobh istigh ná gníomhaíochtaí taobh amuigh.

Más rud é go mbeidh an ghníomhaíocht ar siúl taobh istigh, an mbeidh aeráil leordhóthanach ann?

Lig isteach an t-aer úr chun an baol go bhfaighidh tú COVID-19 a laghdú.

COMHARTHAÍ

An bhfuil comharthaí orm a bhféadfai iad a chur i gcosúlacht le comharthaí COVID-19?

Má tá comharthaí ar bith ort, ba cheart duit fanacht sa bhaile agus tástáil PCR a shocrú - ná téigh amach.

An bhfuil comharthaí ar dhuine ar bith a bhfuil mé ag bualadh leo a bhféadfai iad a chur i gcosúlacht le comharthaí COVID-19?

Ná bíodh drogall ort a fhiafraí do dhaoine a bhfuil tú ag bualadh leo an bhfuil comharthaí orthu, agus má tá, comhairligh dóibh fanacht sa bhaile agus tástáil PCR a chur in áirithe.

IONAD

An bhfuil mé ábalta fanacht achar sábháilte amach ó dhaoine eile?

Trí fhanacht amach ó dhaoine eile, is féidir leat an baol duitse a laghdú - tabhair ar aird go bhféadfadh sin a bheith níos deacra i roinnt áiteanna.

An mbeidh slua mór san ionad?

Trí áiteanna plódaithe a sheachaint, laghdófar an baol a bhaineann le gníomhaíocht.

An gcuirfidh mé/muid masc orm/orainn?

Laghdóidh masc a bheith ort an baol do gach duine.

An áitreabh é seo a bhfuil bainistíocht mhaith á déanamh air?

Mura bhfuil ionad ag leanúint treoir sláinte poiblí, lena n-áirítear do phas vacsaínithe a sheiceáil, d'fhéadfadh baol níos airde a bheith i gceist. Ba chóir duit dul chuig ionad éigin eile.

DAOINE

Cá mhéad duine a bhfuilim ag bualadh leo?

Dá mhó daoine a mbuaileann tú leo, is ea is mó an baol.

Cá mhéad teaghlach atá ag teacht le chéile?

Is lú an baol a bhaineann le teacht le chéile le do theaghlach féin. Dá mhó teaghlach a dtagann tú le chéile leo, is ea is mó an baol.

An bhfuil mé ag bualadh le daoine leochaileacha?

Ba chóir a bheith cúramach ach go háirithe má bhíonn tú ag bualadh le daoine leochaileacha. Ba chóir duit céimeanna a ghlacadh le hiad a chosaint amhail masc a chaitheamh nó tástáil antaigine a dhéanamh sula mbuaileann tú leo.

An bhfuil cosaint iomlán na vacsaíne / teanndáileog faighte ag na daoine a mbeidh mé ag bualadh leo?

Tugann an vacsaín cosaint mhaith i gcoinne tinneas trom agus seal san ospidéal agus laghdaíonn an baol duitse agus do dhaoine eile.